An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
Junior CYCLE for teachers

# NUACHTLITIR STAIDÉAR GNÓ

Eagrán 1
Méan Fómhair 2020

## San eagrán seo

Fáilte ar ais

Socruithe Measúnaithe

Acmhainní FGL don Dara hÁbhar ar líne

Acmhainn Aonad Foghlama ar Líne *"Mise agus Mo Chuid Airgid"*

### Teagmháil

Info@jct.ie

@jct_Business

www.jct.ie

## Fáilte ar ais

Ba mhaith le foireann Staidéar Gnó na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí (SSM) fearadh na fáilte a chur roimh na múinteoirí Staidéar Gnó uile chuig an mbliain nua scoile 2020/2021. Mar fhoireann ábhair, táimid ag súil go mór le bualadh libh agus a bheith ag obair libh i rith na bliana. Má bhíonn ceist ar bith agaibh maidir le Staidéar Gnó na Sraithe Sóisearaí, ná bíodh leisce oraibh teagmháil a dhéanamh linn tríd an r-phost ag info@jct.ie.

## Socruithe Measúnaithe 2020/2021

Maidir leis na socruithe measúnaithe athraithe do chohórt na tríú bliana, in 2020-2021 amháin, breathnaígí le bhur dtoil, ar na treoracha is déanaí thíos. Is féidir teacht ar eolas faoi na socruithe measúnaithe ag:

https://ncca.ie/media/4675/ncca_cbas_for_student_cohort_2018-2021_ga.pdf

Is féidir teacht ar eolas faoi *Socruithe Measúnachta Do na Scrúduithe Teastais 2021* ag: https://www.education.ie/ga/Scoileanna-Col%C3%A1ist%C3%AD/Eolas/Curaclaim-agus-Siollabas/socruithe-measunachta-do-na-scruduithe-teastais-2021.pdf

## FGL don Dara hÁbhar Teagaisc

Mar gheall ar na srianta a bhaineann le Covid-19, ní bheidh ceardlanna duine le duine le haghaidh FGL sa Dara hÁbhar Teagaisc

á dtairiscint againn i mbliana i rith Mheán Fómhair/Dheireadh Fómhair 2020. D'athchóirigh muid FGL na n-ábhar do 2019 / 2020 agus rinne oiriúnach í i gcomhar rannpháirtíocht ar líne. Uaslódáladh seo ar an leathanach 'Ceardlanna FGL 2019 / 2020' sa rannóg Staidéar Gnó de www.jct.ie
Cliceáil ar an nasc thíos chun teacht ar na hac-mhainní.

https://www.jct.ie/business_studies/cpd_workshops_2019_2020
Lena chois sin, tá teacht ar an leagan Gaeilge de na ceardlanna seo ar fáil ag an nasc seo a leanas:

https://www.jct.ie/leagangaeilge/business_studies/cpd_workshops_2019_2020_ga

## Foilsíonn CICT acmhainn nua don Staidéar Gnó 'Mise agus Mo Chuid Airgid'

Bhí foireann Staidéar Gnó SSM ag obair i gcomhar leis an gCoimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (CICT) le roinnt míonna anuas chun cabhrú leo Aonad Foghlama a fhorbairt i dtaca le Buiséadú agus Bainistíocht Tí. Tá an t-ábhar ag teacht le roinnt de na Torthaí Foghlama sa tSonraíocht don Staidéar Gnó agus dearadh é chun gur féidir é a chur i láthair ar bhealach solúbtha. Tá ceithre rannóg dhifriúla i gceist ann "Riachtanais Vs Mianta", "Foinsí & Ioncam", "Caiteachas" agus "Buiséad a Chruthú".

Tá bileoga oibre agus gearrthóga físe ó chlár urraithe teilifíse CICT "Conas a bheith maith le hairgead" ar fáil leis an acmhainn nua ar líne. Thiocfadh dó gur dóigh éifeachtach í an acmhainn seo chun topaicí a chur i láthair ar bhealach a thaitneodh leis na scoláirí.

Tá an t-ábhar ar fáil ar an rannán Ceisteanna Airgid ar shuíomh CICT agus is féidir teacht air tríd an nasc seo a leanas https://moneymatters.ccpc.ie/unit-of-learning/